

# Géibheann | Sample answer

Rinne mé staidear ar an dán “Géibheann” le Caitlín Maude. Is iad an daoirse agus ainmhithe sa zú príomhthéamaí an dáin seo. Baineann an dán le tábhacht (importance) an neamhspleáchas (independence) d’ainmhithe agus do dhaoine atá bródúil galánta. Is iad brón, frustrachas agus éadóchas na mothúcháin a mhúsclaíonn an dán seo ionam. Cruthaíonn Maude meafar leanúnach (extended metaphor).

Íomhánna sa dán: Tá an león ag féachaint “trí leathúil ar chrann aonraic”. Feicimid cumha an ainmhí agus é ag déanamh cur síos (describing) ar an bhforaois (forest); tá cuimhní (memories) deasa aige den uair a bhí sé saor, uasal agus cumhachtach (powerful) sna coillte – “Chroithfinn croinnte na coille, tráth le mo gháir”. Seasann an t-ainmhí don fhile, mothaíonn sí sáinnithe (trapped) ina saol. Ní féidir leo í a ligean saor (to be let free). Tá sí ag lorg cabhrach uainn. Déantar pearsantú ar an ainmhí fiáin (wild animal).

Mar a chuaigh an dán i gcion ortsa: Is sinne na daoine sin, agus tá an file ag rá linn gur chóir dúinn (we should) smaoineamh agus ceist a chur orainn féin, ar cheart go mbeadh ainmhithe allta i ngéibheann? Baineann an file úsáid as friotal nádúrtha, simplí gonta (concise), caint na ndaoine. Tá sí ró-thuirseach chun poncaíocht a úsáid. Tá na línte éagothrom (uneven) agus neamhrialta chun an corráil inntine (mental state) a mhothaíonn an t-ainmhí a léiriú, agus chun a mhí-shuaimhneas lena shaol a chur in iúl. Cuireann sí béim (emphasis) ar an bhfuaim “a” no “á” tríd síos. Leis na fuaimeanna (sounds) “s”, déanann sí an dán níos ciúine (quieter). Tá a misneach (courage) cailte aice, níl bealach éalaithe (way out) ann. Tugann sí aird ar an drochíde (bad treatment) d’ainmhithe tríd síos.

Úsáidtear pearsantú: Déantar pearsantú (personification) ar an ainmhí fiáin. Tá sé ag caint tríd síos, ag taispeánt an easpa saoirse agus dínite (dignity) atá i saol an ainmhí atá tógtha óna áit dhúchais agus curtha i ngéibheann sa zú. B’fhéidir gur cheap sí go raibh sí teanntaithe agus srianta ina saol agus arís léirítear dúinn an dochar a dhéanann an easpa saoirse don dhuine. Déanann an file móradh agus moladh ar alltacht (beauty) an ainmhí; feiceann sí áilleacht san alltacht. Níl ach an t-aon rud amháin ag teastáil uaidh – a shaoirse ach níl sé ábalta é a fháil dó féin; tá sé i dtuilleamaí (reliant on) daoine eile.

Codarsnacht (contrast): Cruthaíonn an file codarsnacht idir suíomh an ainmhí inniu agus inné, idir nádúrthacht agus mínádúracht an tsuímh, agus idir saoirse agus daoirse. Tá idir ainmhí fiáin agus ainmhí ceasaithe (tamed), neamhspleáchas agus a bheith ar dhaoine eile, coill iargúlta agus “na céadta daoine”, “na teochreasa” agus an zú: bród agus lagmhisneach air freisin. Tá an-chuid samplaí den chodarsnacht sa dán.